V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10981 – ITOCHU / TOKYO CENTURY / HCM / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 492/02)

1. An 15 Nollaig 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Itochu Corporation ("Itochu", an tSeapáin),

— Tokyo Century Corporation ("Tokyo Century", an tSeapáin),

— Hitachi Construction Machinery CO., Ltd ("HCM", an tSeapáin).

Gheobhaidh Itochu, Tokyo Century agus HCM comhrialú ar chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í ("an JV") de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna sa JV.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála é Itochu le haghaidh táirgí éagsúla ó réimse leathan tionscal,

— Soláthraíonn Tokyo Century seirbhísí maoinithe éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí léasaithe airgeadais, seirbhísí léasaithe oibriúcháin agus díolacháin tráthchoda maidir le réimse trealaimh,

— Déanann HCM innealra tógála, innealra iompair agus meaisíní agus feistí eile a mhonarú agus a dhíol.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó an JV seirbhísí maoinithe a bhaineann le táirgí HCM a thairiscint do dhéileálaithe agus do chustaiméirí miondíola, chomh maith le seirbhísí airgeadais a bhaineann le táirgí nach HCM iad ach a n-iarrann a gcliaint sin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10981 – ITOCHU / TOKYO CENTURY / HCM / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË